Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

GA Sraith L

2023/2576 14.11.2023

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2576 ÓN gCOMHAIRLE

## an 13 Samhain 2023

## lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/1509 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle an 30 Lúnasa 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 329/2007 ([1]), agus go háirithe Airteagail 47(2), 47(5) agus 47a de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 30 Lúnasa 2017, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2017/1509.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 47a(1) de Rialachán (AE) 2017/1509, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar liostaí na ndaoine ainmnithe agus na n-eintiteas ainmnithe a leagtar amach in Iarscríbhinní XV, XVI, XVII agus XVIII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) Ba cheart na bearta sriantacha i gcoinne gach duine agus gach eintitis atá ar na liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinní XV agus XVI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509 a choimeád, cé is moite de dhuine éagtha amháin a ainmnítear in Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán sin agus ar cheart a iontráil a bhaint. Ba cheart na hiontrálacha le haghaidh 16 dhuine agus ceithre eintiteas sna hiarscríbhinní sin a thabhairt cothrom le dáta.

(4) An 29 Meitheamh 2023 agus an 16 Lúnasa 2023, rinne Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA), arna bhunú de bhun Rún 1718 (2006) ó CSNA, an fhaisnéis a bhaineann le 23 dhuine agus eintiteas amháin sa liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509 a thabhairt cothrom le dáta. Ba cheart, dá bhrí sin, na hiontrálacha le haghaidh 23 dhuine agus eintiteas amháin in Iarscríbhinn XIII a thabhairt cothrom le dáta.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2017/1509 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní XIII, XV agus XVI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 224, 31.8.2017, lch. 1.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Samhain 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

*IARSCRÍBHINN*

(1) Leasaítear Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509 mar a leanas:

(a) faoin gceannteideal 'Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 34(1) agus 34(3)', fo-cheannteideal '(a) Daoine nádúrtha', cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 2, 3, 4, 8, 12, 19, 20, 25, 26, 36, 43, 50, 51, 53, 55, 58, 63, 64, 65, 68, 74, 77 agus 79:

| | Ainm | Ainm eile | Faisnéis aitheantais | Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe | Ráiteas ar chúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| '2. | Ri Je-Son | Ainm Cóiréise: 리제선,<br>Ainm Sínise: 善济李<br>ar a dtugtar freisin Ri Che Son | Dáta breithe: 1938 | 16.7.2009 | Bhí sé ina Aire ar Thionscal an Fhuinnimh Adamhaigh. Ba é a bhí ina stiúrthóir ar Bhiúró Ginearálta an Fhuinnimh Adamhaigh, arb é an phríomhghníomhaireacht é a stiúrann clár núicléach DPDC; d'éascaigh sé roinnt tionscadal núicléach lena n-áirítear bainistiú Bhiúró Ginearálta an Fhuinnimh Adamhaigh ar Ionad Taighde Núicléach Yongbyon agus Corparáid Trádála Namchongang. |
| 3. | Hwang Sok-hwa | Hwang Sok Ha | Dáta breithe: 26.9.1943 | 16.7.2009 | Stiúrthóir i mBiúró Ginearálta an Fhuinnimh Adamhaigh; bhí sé páirteach i gclár núicléach Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré; agus é ina cheann ar an mBiúró um Threoir Eolaíoch i mBiúró Ginearálta an Fhuinnimh Adamhaigh, bhí sé ar an gCoiste Eolaíochta na hInstitiúide Comhpháirtí um Thaighde Núicléach. |
| 4. | RI Hong-sop | | Dáta breithe: 26.2.1940<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Seoladh: Pyongyang, DPRK | 16.7.2009 | Bhí sé ina stiúrthóir ar Ionad Taighde Núicléach Yongbyon agus ina cheann ar an Institiúid Arm Núicléach, rinne sé maoirseacht ar thrí chroíshaoráid a chabhraíonn le plútóiniam de ghrád arm a tháirgeadh: an tSaoráid Déantúsaíochta Breosla, an t-Imoibreoir Núicléach, agus an Gléasra Athphróiseála. |
| 8. | Ra Ky'ong-Su | Ra Kyung-Su;<br>Chang, Myong Ho;<br>Chang Myo'ng-Ho;<br>Chang Myong-Ho;<br>Ra Kyung-Su | Dáta breithe: 4.6.1954<br>Uimhir an phas: 645120196<br>Náisiúntacht: DPRK | 22.1.2013 | Is oifigeach de chuid Bhanc Tráchtála Tanchon é RA Ky'ong-Su. Ina cháil mar oifigeach den bhanc, d'éascaigh sé idirbhearta le haghaidh Bhanc Tráchtála Tanchon. D'ainmnigh an Coiste Smachtbhannaí Tanchon i mí Aibreáin 2009 mar phríomheintiteas airgeadais DPDC a dhíolann gnáth-airm, diúracáin bhalaistíocha agus earraí a bhaineann le cóimeáil agus monarú armán den sórt sin. |

| | Ainm | Ainm eile | Faisnéis aitheantais | Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe | Ráiteas ar chúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| 12. | Mun Cho'ng-Ch'o'l | Mun Chong-Chol | Dáta breithe: 23.12.1964<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Seoladh: C/O Tanchon Commercial Bank, Pyongyang, DPRK, Saemaeul 1-Dong, Pyongchon District | 7.3.2013 | Is oifigeach de chuid Bhanc Tráchtála Tanchon é Mun Cho'ng-Ch'o'l. Ina cháil mar oifigeach den bhanc, d'éascaigh sé idirbhearta le haghaidh Bhanc Tráchtála Tanchon. D'ainmnigh an Coiste Smachtbhannaí Tanchon i mí Aibreáin 2009 mar phríomheintiteas airgeadais DPDC a dhíolann gnáth-airm, diúracáin bhalaistíocha agus earraí a bhaineann le cóimeáil agus monarú armán den sórt sin. |
| 19. | Kang Mun Kil | Jiang Wen-ji;<br>Jian Wenji | Dáta breithe: 9.2.1963<br>Uimhir an phas: PS 472330208 (in éag 4.7.2017)<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Seoladh: DPRK | 2.3.2016 | Rinne Kang Mun Kil gníomhaíochtaí soláthair núicléach mar ionadaí ar Namchongang, ar a dtugtar Namhung freisin. |
| 20. | Kang Ryong | | Dáta breithe: 21.8.1969<br>Náisiúntacht: DPRK | 2.3.2016 | Ba ionadaí sa tSiria é do Chorparáid Trádála Fhorbairt Mianach na Cóiré (KOMID). |
| 25. | Ko Tae Hun | Kim Myong Gi | Dáta breithe: 25.5.1972;<br>Uimhir an phas: 563120630;<br>Dáta éaga an phas: 20.3.2018;<br>Náisiúntacht: DPRK | 2.3.2016 | Oifigeach de chuid Bhanc Tráchtála Tanchon. |
| 26. | Ri Man Gon | | Dáta breithe: 29.10.1945;<br>Uimhir an phas: P0381230469;<br>Dáta éaga an phas: 6.4.2016;<br>Náisiúntacht: DPRK | 2.3.2016 | Bhí sé ina aire tráth ar Roinn an Tionscail Muinisean. |

| | Ainm | Ainm eile | Faisnéis aitheantais | Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe | Ráiteas ar chúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| 36. | Kim Sok Chol | | Dáta breithe: 8.5.1955<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Seoladh: Maenmar<br>Uimhir an phas: 472310082 | 30.11.2016 | Ba é Ambasadóir DPDC chuig Maenmar é tráth. Is éascaitheoir de chuid KOMID é. D'íoc KOMID é as a chúnamh agus eagraíonn sé cruinnithe thar ceann KOMID, lena n-áirítear cruinniú idir KOMID agus daoine a bhaineann le cosaint Mhaenmar chun cúrsaí airgeadais a phlé. |
| 43. | Jo Yong-Won | Cho Yongwon | Dáta breithe: 24.10.1957<br>Uimhir an phas: 108210124 (in éag: 4 Meitheamh 2023)<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann<br>Seoladh: DPRK | 2.6.2017 | Is é atá ina Rúnaí agus ina Cheann ar Roinn Eagrúcháin agus Treoraíochta Pháirtí Oibrithe na Cóiré agus ba é a bhí ina leas-stiúrthóir ar Roinn Eagrúcháin agus Treoraíochta Pháirtí Oibrithe na Cóiré, comhlacht a stiúrann príomhcheapacháin phearsanra i bPáirtí Oibrithe na Cóiré agus lucht míleata DPDC. |
| 50. | Pak To Chun | Pak Do Chun;<br>Pak To'-Ch'un | Dáta breithe: 9.3.1944<br>Náisiúntacht: DPRK | 2.6.2017 | Bhí Pak To Chun ina rúnaí tráth ar Roinn an Tionscail Muinisean agus, faoi láthair, tugann sé comhairle maidir le gnóthaí a bhaineann le cláir núicléacha agus diúracán. Bhí sé ina bhall den Choimisiún Gnóthaí Stáit agus is ball é de Bhiúró Polaitiúil Pháirtí Oibrithe na Cóiré. Fuair sé bás an 27 Iúil 2022. |
| 51. | Ri Jae Il | Ri, Chae-Il | Bliain bhreithe: 1934<br>Náisiúntacht: DPRK | 2.6.2017 | É ina leas-stiúrthóir ar Roinn Bolscaireachta agus Agóidíochta Pháirtí Oibrithe na Cóiré, a rialaíonn meáin Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré uile agus a mbaineann an rialtas úsáid as chun an pobal a rialú. Fuair sé bás an 4 Feabhra 2021. |
| 53. | Ri Yong Mu | Ri Yong-Mu | Dáta breithe: 25.1.1925<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Seoladh: DPRK | | Is Leaschathaoirleach é ar an gCoimisiún Gnóthaí Stáit, a stiúrann agus a threoraíonn gnóthaí míleata, cosanta agus slándála uile DPDC, lena n-áirítear fáil agus soláthar. Fuair sé bás an 27 Eanáir 2022. |

| | Ainm | Ainm eile | Faisnéis aitheantais | Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe | Ráiteas ar chúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| 55. | Han Jang Su | Chang-Su Han | Dáta breithe: 8.11.1969<br>Áit breithe: Pyongyang, DPRK<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Uimhir an phas: 745420176, in éag an 19.10.2020<br>Inscne: fireann | 4.8.2017 | Bhí sé ina ionadaí tráth de chuid an Bhainc Trádála Eachtraí. |
| 58. | Jo Chol Song | Cho Ch'o'l-so'ng | Dáta breithe: 25.9.1984<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Uimhir an phas: 654320502, in éag an 16.9.2019<br>Inscne: fireann | 4.8.2017 | Is Ionadaí de chuid Chorparáid Baincéireachta Kwangson na Cóiré é agus bhí sé ina leas-ionadaí tráth de chuid Chorparáid Baincéireachta Kwangson na Cóiré, a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais chun tacú le Banc Tráchtála Tanchon agus Trádáil Hyoksin na Cóiré, fo-eintiteas de chuid Chorparáid Ginearálta Ryonbong na Cóiré. |
| 63. | Pak Yong Sik | Pak Yo'ng-sik | Dáta breithe: 1950<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Seoladh: DPRK | 11.9.2017 | Bhí sé ina chomhalta tráth de Choimisiún Lárnach Míleata Pháirtí Oibrithe na Cóiré, atá freagrach as forbairt agus cur chun feidhme bheartais mhíleata Pháirtí Oibrithe na Cóiré, a rialaíonn agus atá i gceannas ar arm DPDC, agus a chabhraíonn le tionscail mhíleata na tíre a stiúradh. |
| 64. | Ch'oe So'k Min | Choe Sok Min | Dáta breithe: 25.7.1978<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann | 22.12.2017 | Ba ionadaí thar lear de chuid an Bhainc Trádála Eachtraí é tráth. In 2016, ba é Ch'oe So'k-min leas-ionadaí in oifig brainse an Bhainc Trádála Eachtraí sa suíomh sin thar lear. Bhí sé bainteach le haistrithe airgid ó oifig sin an Bhainc Trádála Eachtraí thar lear chuig bainc atá cleamhnaithe le heagraíochtaí speisialta na Cóiré Thuaidh agus oibrithe an Bhiúró Ghinearálta Taiscéalaíochta atá lonnaithe thar lear in iarracht smachtbhannaí a sheachaint. |

| | Ainm | Ainm eile | Faisnéis aitheantais | Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe | Ráiteas ar chúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| 65. | Chu Hyo'k | Ju Hyok | Dáta breithe: 23.11.1986<br>Uimhir an phas: 836420186, eisithe in 28.10.2016 (in éag 28.10.2021);<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann | 22.12.2017 | Ba ionadaí thar lear de chuid an Bhainc Trádála Eachtraí é tráth. |
| 68. | Kim Tong Chol | Kim Tong-ch'o'l | Dáta breithe: 28.1.1966<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann<br>Uimhir an phas:<br>(a) 927234267<br>(b) 108120258 (eisithe ag DPRK an 14.2.2018; in éag an 14.2.2023) | 22.12.2017 | Ba ionadaí thar lear de chuid an Bhainc Trádála Eachtraí é tráth. |
| 74. | Pak Mun Il | Pak Mun-il | Dáta breithe: 1.1.1965<br>Uimhir an phas: 563335509, in éag 27.8.2018.<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann | 22.12.2017 | Ba ionadaí thar lear de chuid Bhanc Daesong na Cóiré é tráth. |
| 77. | RI Pyong Chul | Ri Pyong Chol, Ri Pyo'ng-ch'o'l | Bliain bhreithe: 1948<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann<br>Address: DPRK | 22.12.2017 | Is rúnaí Pháirtí na nOibrithe agus comhalta den Bhiúró Polaitiúil é. Comhalta malartach ab ea é de Bhiúró Polaitiúil Pháirtí Oibrithe na Cóiré agus bhí sé ina chéad leas-stiúrthóir ar Roinn an Tionscail Muinisean. |

| | Ainm | Ainm eile | Faisnéis aitheantais | Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe | Ráiteas ar chúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| 79. | Ri U'n So'ng | Ri Eun Song;<br>Ri Un Song | Dáta breithe: 23.7.1969<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann | 22.12.2017 | Ba ionadaí thar lear de chuid Bhanc Forbartha Aontaithe na Cóiré é tráth.' |

(b) faoin gceannteideal 'Liosta na ndaoine dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 23(1) agus liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 27(1)', fo-cheannteideal 'B. Eintitis', cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 28:

| | Ainm | Ainm eile | Suíomh | Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe | Ráiteas ar chúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| '28. | Roinn an Tionscail Muinisean | Roinn an Tionscail Soláthairtí Míleata;<br>MID;<br>Roinn an Tionscail Innealra | Pyongyang, DPRK | 2.3.2016 | Tá Roinn an Tionscail Muinisean rannpháirteach i ngnéithe lárnacha de chlár diúracán DPDC. Tá MID freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt dhiúracáin bhalaistíocha DPDC, lena n-áirítear Taepo Dong-2. Déanann MID maoirseacht ar tháirgeadh arm agus ar chláir T&F DPDC, lena n-áirítear clár diúracán balaistíoch DPDC. Tá an Dara Coiste Eacnamaíoch agus an Dara hAcadamh Eolaíochtaí Nádúrtha – a ainmníodh freisin i mí Lúnasa 2010 – faoi réir MID. Tá obair déanta ag MID le blianta beaga anuas chun diúracán balaistíoch idir-ilchríochach iniompartha de bhóthar KN08 a fhorbairt. Déanann MID maoirseacht ar chlár núicléach DPDC. Tá Institiúid na nArm Núicléach faoi réir MID.' |

(2) leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849 mar a leanas:

(a) faoin gceannteideal 'I. Daoine agus eintitis atá freagrach as cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile, nó daoine nó eintitis atá ag gníomhú thar a gceann nó faoina stiúir, nó eintitis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú acu', fo-cheannteideal 'A. Daoine', scriostar iontráil 3 agus cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 4, 7, 10, 11, 17, 28, 29 agus 31:

| | Ainm (agus ainmneacha féideartha eile) | Ainm eile | Faisnéis aitheantais | Dáta an ainmniúcháin | Cúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| '4. | PAK Jae-gyong<br>박재경 | PAK Chae-Kyong<br>PAK Jae Gyong | Dáta breithe: 10.6.1933<br>Uimhir an phas: 554410661<br>Inscne: fireann | 22.12.2009 | Ginearál Airm Pobail na Cóiré. Iar-Leas-Stiúrthóir na Roinne Polaitiúla Ginearálta d'Fhórsaí Armtha an Phobail agus iar-Leas-Stiúrthóir Bhiúró Lóistíochta Fhórsaí Armtha an Phobail (comhairleoir míleata Kim Jong-Il nach maireann). I láthair ag iniúchadh KIM Jong Un ar Fhórsa Rialaithe na Roicéad Straitéiseach in 2012. Iarchomhalta de Choiste Lárnach Pháirtí Oibrithe na Cóiré. Uachtarán Choiste Iarbhaill Fhórsaí Armtha na Cóiré i gcoinne an Impiriúlachais. Cuireadh síos ar Pak Jae Gyong mar chomhalta de chaidrí iarbhaill na bhfórsaí armtha ar tugadh cuireadh dóibh chuig féastaí le Kim Jong Un in Pyongyang an 9 Meán Fómhair 2022 tráth ar comóradh 74 bliana bhunú Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré. |
| 7. | KIM Yong Chol<br>김영철 | KIM Yong-Chol; KIM Young-Chol; KIM Young-Cheol; KIM Young-Chul | Dáta breithe: 1946<br>Áit bhreithe: Pyongan-Pukto, DPRK<br>Inscne: fireann | 19.12.2011 | Comhalta malartach den Bhiúró Polaitiúil agus comhalta de Choiste Lárnach Pháirtí Oibrithe na Cóiré, Comhalta de Choimisiún um Ghnóthaí Stáit Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus, ó mhí an Mheithimh 2023 i leith, comhairleoir i Roinn an Fhronta Aontaithe. Iarcheannasaí an Reconnaissance General Bureau (an Biúró Ginearálta um Thaiscéalaíocht), eintiteas atá faoi réir smachtbhannaí ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. |
| 10. | HONG Sung-Mu<br>홍승무 | HONG Sung Mu | Dáta breithe: 1.1.1942<br>Inscne: fireann | 20.5.2016 | Leas-Stiúrthóir Roinn an Tionscail Muinisean. Tá Roinn an Tionscail Muinisean – a d'ainmnigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 2 Márta 2016 – rannpháirteach i ngnéithe lárnacha de chlár diúracán DPDC. Tá an Roinn freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt dhiúracáin bhailistíocha DPDC, lena n-áirítear cláir thaighde agus forbartha. Sa cháil sin dó, tá Hong freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn. Bhí sé i láthair ag lainseáil an diúracáin bhalaistíoch idir-ilchríochaigh Hwasong-15 an 28 Samhain 2017. Ghlac sé páirt i gcruinniú de Choiste Lárnach Míleata Choimisiún Pháirtí Oibrithe na Cóiré i mí Iúil 2020, a bhí dírithe ar 'díspreagadh cogaí', sofhriotal a úsáidtear chun tagairt do chlár núicléach DPDC. Atofa chuig Coiste Lárnach an Pháirtí i mí Eanáir 2021. I mí an Mhárta 2023, tógadh grianghraf de i gcuideachta Kim Jong Un agus iad ag amharc ar shoic phléascáin núicléacha a airbheartaíodh a bheith réidh le cur ar dhiúracáin bhalaistíocha. |

| | Ainm (agus ainmneacha féideartha eile) | Ainm eile | Faisnéis aitheantais | Dáta an ainmniúcháin | Cúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| 11. | JO Kyongchol<br>조경철 | JO Kyong Chol | Inscne: fireann | 20.5.2016 | Ginearál in Airm Pobail na Cóiré. Ceapadh mar chomhalta de Choimisiún Míleata Lárnach Pháirtí Oibrithe na Cóiré é i mí an Mheithimh 2022, ar comhlacht lárnach é do chúrsaí cosanta náisiúnta i DPDC. Stiúrthóir Cheannas na Slándála Míleata. Sa cháil sin dó, bhí sé freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn. I dteannta Kim Jong Un don druil dóiteáin airtléire fadraoin is mó riamh. Atofa ar Choiste an Pháirtí Lárnach i mí Eanáir 2021. |
| 17. | PAK Jong-chon<br>박정천 | PAK Jong Chon | Inscne: fireann | 20.5.2016 | Iarchomhalta de Phraesidium Bhiúró Polaitiúil Choiste Lárnach Pháirtí na nOibrithe, iar-Leas-Chathaoirleach ar an gCoimisiún Míleata Lárnach, iar-Rúnaí Choiste Lárnach Pháirtí Oibrithe na Cóiré. Comhalta den Choimisiún um Ghnóthaí Stáit, Marascal agus iar-Cheann Foirne Ginearálta. Rinne sé an t-athbhreithniú foirmiúil ag mórshiúl míleata an 25 Aibreán 2022, rud a thugann le fios go bhfuil ról aige i gcláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile agus an fhreagracht atá air i ndáil le tacú leis na cláir sin nó iad a chur chun cinn. |
| 28. | Kim Su Gil<br>김수길 | Kim Su-gil | Dáta breithe: 1950 | 21.4.2022 | Ina cháil mar Stiúrthóir ar Bhiúró Polaitiúil Ginearálta Arm Pobail na Cóiré idir 2018 agus 2021 agus mar Chomhalta den Choimisiún um Ghnóthaí Stáit idir 2019 agus 2021, agus ina phost mar Phríomh-Rúnaí ar Choiste Pháirtí Chathair Pyongyang agus mar chomhalta malartach den Bhiúró Polaitiúil in 2023, tá sé freagrach as cinntí Pháirtí Oibrithe na Cóiré a chur chun feidhme, a bhaineann le cláir núicléacha agus bhalaistíocha a fhorbairt a sháraíonn Rúin 1718 (2006), 1874 (2009), 2087 (2013), 2094 (2013), 2270 (2016), 2321 (2016), 2356 (2017), 2371 (2017), 2375 (2017), agus 2397 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. |

| | Ainm (agus ainmneacha féideartha eile) | Ainm eile | Faisnéis aitheantais | Dáta an ainmniúcháin | Cúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| 29. | JON Il Ho<br>전일호 | JON Il-Ho | Dáta breithe: 1955 nó 1956<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann | 21.4.2022 | Ina cháil mar Chathaoirleach ar Choiste Pháirtí Oibrithe na Cóiré, Coiste an Acadaimh um Thaighde Cosanta agus mar chomhalta de Choiste Lárnach Pháirtí Oibrithe na Cóiré, tá ról tábhachtach aige i bhforbairt chláir arm ollscriosta DPDC agus tá sé freagrach as na cláir sin a fhorbairt. Fuair sé ardú céime agus rinneadh Coirnéal Ginearálta de i mí Lúnasa 2019, fuair sé Duais Eolaíochta agus Teicneolaíochta mhí Feabhra 16, mar Stiúrthóir ar an Institiúid Taighde um Uathoibriú agus mar Stiúrthóir Institiúide Ollscoil Teicneolaíochta Kim Chaek, agus mar Leas-Stiúrthóir i Roinn de chuid Choiste Lárnach Pháirtí Oibrithe na Cóiré, bhí sé i láthair ag lainseálacha na ndiúracán balaistíoch idir-ilchríochach Hwasong-14 an 4 Iúil 2017 agus an 28 Iúil 2017, chomh maith leis an gcuid is mó de na lainseálacha diúracán eile in 2017, 2019 agus Márta 2020. |
| 31. | YU Jin<br>유진 | YU Jin | Dáta breithe: 1960<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann | 21.4.2022 | Ina cháil mar iar-Stiúrthóir ar Roinn an Tionscail Muinisean agus, ón 1 Eanáir 2023 i leith, mar Chomhalta de Choiste Lárnach Pháirtí Oibrithe na Cóiré, tá sé freagrach as ról tábhachtach a ghlacadh i bhforbairt chláir armán ollscriosta DPDC, i réimsí núicléacha agus balaistíocha araon. Bhí sé in éineacht le Kim Jong Un ag an National Aerospace Development Administration (Riarachán Náisiúnta um Fhorbairt an Aeraspáis) sula lainseáladh diúracán balaistíoch idir-ilchríochach i mí an Mhárta 2022 agus ghlac sé páirt i dTaispeántas Náisiúnta Cosanta 2021, ag a taispeánadh córais armán ar córais nua iad de réir cosúlachta. Mar Leas-Stiúrthóir bhí sé i láthair le linn na tástálacha a rinneadh ar Hwasong-14 ICBM an 4 Iúil 2017 agus an 28 Iúil 2017, agus ag an iniúchadh a rinne Kim Jong Un ar chineál nua fomhuireáin an 22 Iúil 2019, agus chuir DPDC in iúl go raibh sé beartaithe an cineál sin fomhuireáin a úsáid chun críoch 'straitéiseach', is é sin chun diúracáin bhalaistíocha arna lainseáil ó fhomhuireán a imscaradh, agus gur fomhuireáin é a d'fhéadfadh a bheith in ann soic phléascáin núicléach a iompar agus ag lainseálacha na ndiúracán balaistíoch an 25 Iúilagus an 30 Iúil 2019, agus an 2 Lúnasa 2019.' |

(b) faoin gceannteideal 'I. Daoine agus eintitis atá freagrach as cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile, nó daoine nó eintitis atá ag gníomhú thar a gceann nó faoina stiúir, nó eintitis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú acu', cuirtear an méid seo a leanas in ionad fo-cheannteideal 'B. Eintitis', iontráil 4:

| | Ainm (agus ainmneacha féideartha eile) | Ainm eile | Suíomh | Dáta an ainmniúcháin | Cúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| '4. | Yongbyon Nuclear Scientific Research Centre<br>넝변 원자력 연구소<br>영변 원자력 연구소 | | | 22.12.2009 | Saoráidí atá in ann ábhar inscoilte a tháirgeadh le haghaidh úsáidí míleata, lena n-áirítear imoibreoir 5MW (e), saoráid athphróiseála plútóiniam (saotharlann raidió-cheimiceach), agus saoráid tuairiscithe saibhrithe úráiniam. Tá an láraonad á chothabháil ag an General Bureau of Atomic Energy (Biúró Ginearálta um Fhuinneamh Adamhach) (eintiteas a d'ainmnigh CSNA an 16.7.2009). Sa tuarascáil deiridh uaidh i mí an Mhárta 2023, thug an Painéal Saineolaithe a bunaíodh de bhun Rún 1874 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe dá aire tásca maidir le tástálacha féideartha ar an gcóras uiscefhuaraithe ag an imoibreoir éadromuisce agus íomhánna satailíte a léiríonn gur lean an t-imoibreoir 5MW de bheith ag oibriú agus a thaispeánann comharthaí eatramhacha deataigh ó shimléir ghléasra teirmeach na saotharlainne radaicheimicí. Léiríonn na púireanna gaile ón bhfoirgneamh táirgthe dé-ocsaíde úráiniam gur dócha go leanfadh DPDC d'ábhar inscoilte a tháirgeadh.' |

(3) leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849 mar a leanas:

(a) faoin gceannteideal 'Liosta na ndaoine dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 23(1) agus i bpointe (c) d'Airteagal 27(1)', fo-cheannteideal 'A. Daoine', cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 8, 10, 11, 12, 13, 14, 15 agus 31:

| | Ainm (agus ainmneacha féideartha eile) | Faisnéis aitheantais | Dáta an ainmniúcháin | Cúiseanna |
|---|---|---|---|---|
| '8. | KIM Chang Hyok<br>ar a dtugtar freisin: James Kim<br>김창혁 | Dáta breithe: 29.4.1963<br>Áit bhreithe: N. Hamgyong<br>Uimhir an phas: 472130058 | 22.1.2018 | Tá Kim Chang Hyok sainaitheanta ag Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe mar ionadaí ar Pan Systems Pyongyang sa Mhalaeisia. Tá Pan Systems Pyongyang sainaitheanta ag an Aontas as cúnamh a thabhairt chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré. Tá Pan Systems á rialú ag Reconnaissance General Bureau (an Biúró Ginearálta Taiscéalaíochta), atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann.<br>Bhunaigh sé a lán cuntas sa Mhalaeisia in ainm cuideachtaí caocha de chuid 'Glocom', ar cuideachta chaoch í sin de chuid an eintitis ainmnithe, Pan Systems Pyongyang.<br>Tugtar le fios i dTuarascáil Chríochnaitheach mhí an Mhárta 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe go bhfuil Pan Systems ag leanúint leis na hiarrachtaí airm a onnmhairiú. |

| | Ainm (agus ainmneacha féideartha eile) | Faisnéis aitheantais | Dáta an ainmniúcháin | Cúiseanna |
|---|---|---|---|---|
| 10. | RYANG Su Nyo<br>량수니오 | Dáta breithe: 11.8.1959<br>Áit bhreithe: Japan | 22.1.2018 | Stiúrthóir Pan Systems Pyongyang. Tá Pan Systems Pyongyang sainaitheanta ag an Aontas as cúnamh a thabhairt chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré. Tá Pan Systems á rialú ag Reconnaissance General Bureau (an Biúró Ginearálta um Thaiscéalaíocht), atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann. Tugtar le fios i dTuarascáil Chríochnaitheach mhí an Mhárta 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe go bhfuil Pan Systems ag leanúint leis na hiarrachtaí airm a onnmhairiú. |
| 11. | PYON Won Gun<br>변원군 | Dáta breithe: 13.3.1968<br>Áit bhreithe: S. Phyongan<br>Pasuimhir sheirbhíse: 836220035<br>Uimhir an phas: 290220142 | 22.1.2018 | Stiúrthóir Glocom, cuideachta tosaigh de chuid Pan Systems Pyongyang. Tá Pan Systems Pyongyang sainaitheanta ag an Aontas as cúnamh a thabhairt chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré. Tá Pan Systems á rialú ag Reconnaissance General Bureau (an Biúró Ginearálta um Thaiscéalaíocht), atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann.<br>Fógraíonn Glocom trealamh cumarsáide raidió d'eagraíochtaí míleata agus paraimíleata.<br>D'aithin Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe Pyon Won Gun freisin mar náisiúnach de chuid DPDC a oibríonn Pan Systems Pyongyang. Tugtar le fios i dTuarascáil Chríochnaitheach mhí an Mhárta 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe go bhfuil Pan Systems ag leanúint leis na hiarrachtaí airm a onnmhairiú. |
| 12. | PAE Won Chol<br>배원철 | Dáta breithe: 30.8.1969<br>Áit bhreithe: Pyongyang<br>Uimhir an Phas Taidhleoireachta: 654310150 | 22.1.2018 | D'aithin Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe Pae Won Chol mar náisiúnach de chuid DPDC a oibríonn Pan Systems Pyongyang. Tá Pan Systems Pyongyang sainaitheanta ag an Aontas as cúnamh a thabhairt chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré. Tá Pan Systems á rialú ag Reconnaissance General Bureau (an Biúró Ginearálta um Thaiscéalaíocht), atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann. Tugtar le fios i dTuarascáil Chríochnaitheach mhí an Mhárta 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe go bhfuil Pan Systems ag leanúint leis na hiarrachtaí airm a onnmhairiú. |
| 13. | RI Sin Song<br>리신송 | | 22.1.2018 | D'aithin Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe Ri Sin Song mar náisiúnach de chuid DPDC a oibríonn Pan Systems Pyongyang. Tá Pan Systems Pyongyang sainaitheanta ag an Aontas as cúnamh a thabhairt chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré. Tá Pan Systems á rialú ag Reconnaissance General Bureau (an Biúró Ginearálta um Thaiscéalaíocht), atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann. Tugtar le fios i dTuarascáil Chríochnaitheach mhí an Mhárta 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe go bhfuil Pan Systems ag leanúint leis na hiarrachtaí airm a onnmhairiú. |

| | Ainm (agus ainmneacha féideartha eile) | Faisnéis aitheantais | Dáta an ainmniúcháin | Cúiseanna |
|---|---|---|---|---|
| 14. | KIM Sung Su<br>김성수 | | 22.1.2018 | Tá Kim Sung Su sainaitheanta ag Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe mar ionadaí ar Pan Systems Pyongyang sa tSín. Tá Pan Systems Pyongyang sainaitheanta ag an Aontas as cúnamh a thabhairt chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré. Tá Pan Systems á rialú ag Reconnaissance General Bureau (an Biúró Ginearálta um Thaiscéalaíocht), atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann. Tugtar le fios i dTuarascáil Chríochnaitheach mhí an Mhárta 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe go bhfuil Pan Systems ag leanúint leis na hiarrachtaí airm a onnmhairiú. |
| 15. | KIM Pyong Chol<br>김병철 | | 22.1.2018 | D'aithin Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe Kim Pyong Chol mar náisiúnach de chuid DPDC a oibríonn Pan Systems Pyongyang. Tá Pan Systems Pyongyang sainaitheanta ag an Aontas as cúnamh a thabhairt chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré. Tá Pan Systems á rialú ag Reconnaissance General Bureau (an Biúró Ginearálta um Thaiscéalaíocht), atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann. Tugtar le fios i dTuarascáil Chríochnaitheach mhí an Mhárta 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe go bhfuil Pan Systems ag leanúint leis na hiarrachtaí airm a onnmhairiú. |
| 31. | O Yong Ho | Dáta breithe: 25.12.1961<br>Uimhir an phas: 108410041<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann | 12.12.2022 | Ina cháil mar ionadaí i Moscó, Cónaidhm na Rúise, ag a bhfuil naisc dhíreacha leis an Second Academy of Natural Sciences ( an Dara Acadamh Eolaíochtaí Nádúrtha), glacann O Yong Ho páirt, faoi stádas taidhleoireachta, i ngníomhaíochtaí le haghaidh eintiteas ar ar forchuireadh smachtbhannaí mar a leagtar amach i UNSCR 2094 (2013). Tá sé de cháil ar an eintiteas sin a bheith ag gabháil do ghníomhaíochtaí leata a bhaineann tairbhe as cláir DPDC a bhfuil baint acu le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile. Rinne sé iarracht earraí diúracán is infheidhme a fháil ó thríú tíortha thar ceann chlár diúracán DPDC, lena n-áirítear snáithín araimíde, feadáin chruach dhosmálta, agus imthacaí gránacha. D'fhéach sé freisin le cuid mhór earraí arna rialú ag Grúpa na Soláthraithe Núicléacha a fháil a bhfuil feidhmeanna diúracán balaistíoch acu, lena n-áirítear snáithe Kevlar, snáithín araimíde, ola eitlíochta, imthacaí gránacha, agus meaisíní beachtmhuilleoireachta. Sa cháil sin dó, tá sé páirteach go díreach i gcur ar fáil cistí agus soláthairtí do chláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile.' |

(b) faoin gceannteideal 'Liosta na ndaoine dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal 23(1) agus i bpointe (c) d'Airteagal 27(1)', fo-cheannteideal 'B. Eintitis', cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 4, 5 agus 6:

| | Ainm (agus ainmneacha féideartha eile) | Faisnéis aitheantais | Dáta an ainmniúcháin | Cúiseanna |
|---|---|---|---|---|
| '4. | Pan Systems Pyongyang<br>ar a dtugtar freisin Wonbang Trading Co.; Glocom; International Golden Services; International Global System | Seoladh: Room 818, Pothonggang Hotel, Ansan-Dong, Pyongchon district, Pyongyang, DPRK. | 16.10.2017 | Tá cúnamh tugtha ag Pan Systems chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré.<br>Ina theannta sin, tá Pan Systems faoi rialú ag Reconnaissance General Bureau (an Biúró Ginearálta um Thaiscéalaíocht), eintiteas atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann. Tugtar le fios i dTuarascáil Chríochnaitheach mhí an Mhárta 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe go bhfuil Pan Systems ag leanúint leis na hiarrachtaí airm a onnmhairiú. |
| 5. | Eritech Computer Assembly & Communication Technology PLC | Seoladh: Denden Street N028, Asmara, 257, Eritrea | 21.4.2022 | Cuirtear Eritech Computer Assembly & Communication technology PLC faoi údarás nó faoi stiúir Fhórsaí Cosanta na hEiritré agus tá sé lonnaithe ina gcoimpléasc Lárionad Teicniúil Míleata Asha Golgol, a úsáidtear chun trealamh sibhialta agus míleata agus paraimíleata a tháirgeadh, a mhodhnú nó a dheisiú. Tá smachtbhannaí á seachaint ag an eintiteas agus tá sé freagrach as tacú le cláir núicléacha agus bhalaistíocha DPDC ón tráth ar aithníodh é mar fhaighteoir beartaithe lastais trealaimh chumarsáide míleata de thionscnamh DPDC ón tSín i mí Iúil 2016. Tháinig an chuid is mó den trealamh lena mbaineann ó GLOCOM, cuideachta de chuid DPDC atá speisialaithe i soláthar trealaimh tarchurtha mhíleata, agus atá nasctha le seirbhísí faisnéise DPDC, de shárú, go háirithe, ar UNSCR 2270 (2016) . Tugtar le fios i dTuarascáil Chríochnaitheach mhí an Mhárta 2023 ó Phainéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe go bhfuil Pan Systems ag leanúint leis na hiarrachtaí airm a onnmhairiú. |
| 6. | Korea General Corporation for External Construction (Ainmneacha eile: KOGEN, GENCO)<br>조선대외건설총회사 | Seoladh: Taedonggang District, Pyongyang, Democratic People's Republic of Korea | 21.4.2022 | Tá fógraí tugtha ag Korea General Corporation for External Construction (KOGEN) go n-úsáideann sé fostaithe DPDC le haghaidh tionscadal i dtíortha eile, lena n-áirítear trí Naenara, tairseach idirlín oifigiúil DPDC. Dá bhrí sin, tá smachtbhannaí á seachaint ag KOGEN trí shárú a dhéanamh ar UNSCR 2397 (2017), lena gcuirtear toirmeasc ar oibrithe a n-íoctar a bpá le rialtas DPDC a chur thar lear agus a bhféadfaí iad a chur i mbun oibre chun tacú le cláir núicléacha agus diúracán balaistíoch DPDC, agus tá sé freagrach as tacaíocht airgeadais a thabhairt do chláir núicléacha agus bhalaistíocha DPDC mar go n-aistríonn sé pá iomlán nó cuid de phá na n-oibrithe a chuireann sé thar lear chuig an réimeas, cleachtas a thoirmeasctear le UNSCR 2397 (2017).' |





ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2576/oj